Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Lúnasa 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0170(NLE)**

**10125/20**
**ADD 1**

**AELE 16**
**EEE 11**
**N 14**
**ISL 9**
**FL 8**
**MI 266**
**BUDGET 10**
**FIN 525**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 367 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Líne Bhuiséid 12.02.01 - Seirbhísí Airgeadais) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 367 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2020) 367 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.8.2020
COM(2020) 367 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Líne Bhuiséid 12.02.01 - Seirbhísí Airgeadais)**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**de […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chonradh ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le cur chun feidhme agus forbairt an mhargaidh aonair do sheirbhísí airgeadais.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú ionas go mbeifear in ann an comhar sínte sin a chur ar siúl ó 1 Eanáir 2020,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I mír 11 d'Airteagal 7 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail "2019 agus 2020" in ionad na bhfocal "agus 2019".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá i ndiaidh an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*